# Spriocanna um Mhúnlú an Chreidimh



Is í an sprioc dheiridh atá le hOideachas Reiligiúnach i scoileanna Caitliceacha ná forbairt sa chreideamh Chríostaí mar dheisceabal d'Íosa. Cé nach n'éilíonn Oideachas Reiligiúnach go mbeadh ceangal ann le haontú an chreidimh[18], mar sin féin, táthar ag súil go mbeidh go leor leanaí i réamhscoileanna Caitliceacha agus i mbunscoileanna baistithe mar Caitlicigh, agus beidh sé mar aidhm ag Oideachas Reiligiúnach fiúntach cuidiú leo fás in inmhe creidimh (CS 51). Tuigfidh múinteoirí i gcónaí, agus ceachtanna á phleanáil acu, go bhfuil gá ann tacaíocht le forbairt leanúnach creidimh na bpáistí (SGN 38-39). Cuirtear na spriocanna um mhúnlú an chreidimh ar fáil anseo do mhúinteoirí chun treoir a thabhairt dóibh san obair thábhachtach seo.

Tá an gaol idir teagasc agus forbairt creidimh difriúil ón ngaol atá ann idir eolas agus forbairt scileanna san Oideachas Reiligiúnach. An chúis atá le seo ná an chastacht a bhaineann le forbairt spioradálta agus ar na bealaí casta ina mbeadh (nach mbeadh) baint aici le próisis teagaisc/foghlama sa seomra ranga. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach a aithint nach ndéanfar na spriocanna um mhúnlú an chreidimh a mheas, mar go bhfuil sé míchuí measúnacht fhoirmiúil a dhéanamh ar athrú pearsanta nó spioradálta i mic léinn. Bronntanas ó Dhia atá sa chreideamh i gcónaí agus ní féidir le héinne measúnú a dhéanamh ar chreideamh duine eile (GDC 55). Mar sin féin, níor cheart an t-idirdhealú thuasluaite déscaradh bréagach a dhéanamh idir cur chuige iomlánaíoch Oideachas Reiligiúnach agus múnlú creidimh i scoileanna Caitliceacha. 'Séard atá i gceist ná go bhfuil idirdhealú ann idir torthaí in Oideachas Reiligiúnach agus torthaí maidir le spriocanna creidimh sa chaoi go dtugtar urraim ar leith do hOideachas Reiligiúnach mar dhisciplín (GDC 73).

Is é príomhfhócas na spriocanna creidimh sa bhunscoil ná teagmháil le hÍosa a chothú agus a chur ar chumas an pháiste dlúthchaidreamh agus comaoineach a bheith leis (adhartha). Spreagtar páistí foghlaim ó Íosa, smaoineamh agus breithiúnas a thabhairt cosúil leis, sa churaclam in Oideachas Reiligiúnach (teagasc daingean in ábhar an Chreidimh). Táthar ag súil go mbeidh páistí rannpháirteach i misean agus i ministreacht Íosa, ár Slánaitheoir, ag maireachtáil sa chreideamh Chríostaí, i bpobal na hEaglaise, chun Ríocht Dé a chur chun cinn (maireachtáil eiticiúil mar dheisceabail Íosa) (GDC 122).

Seo a leanas liosta de na spriocanna um mhúnlú an chreidimh atá oiriúnach do pháistí óga a bheidh ag déileáil leis an churaclam don Oideachas Reiligiúnach do réamhscoileanna agus do bhunscoileanna Caitliceacha. Níl an liosta seo saintreorach ná iomlán agus d'fhéadfadh múinteoirí spriocanna níos oiriúnaí, do na himthosca ar leith ina mhúineann siad, a chur leis. Fillfidh múinteoirí/scríbhneoirí clár ar na spriocanna um mhúnlú an chreidimh atá leagtha amach do leibhéil níos luaithe, ag gach leibhéal, agus gné níos doimhne agus níos casta á cur acu le saibhreas an churaclaim.

[18] An Chuallacht don Oideachas Caitliceach, 'Religious education in Schools fits into the Evangelizing Mission of the Church' (Cathair na Vatacáine, 8ú Meán Fómhair 2009), uimh 17-18. Is é seo an chéad doiciméad Máistriúil tiomnaithe le hOideachas Reiligiúnach ar scoil.

## Réamhscoil

Cuirfidh páistí tús le:

- muintearas a chothú le **Dia an tAthair**.
- muintearas a chothú le h**Íosa**.
- muintearas a chothú leis an **Spiorad Naomh**.
- bheith eolach faoi ghrá Dé dóibh.
- léirthuiscint a bheith acu go bhfuil grá speisialta ag **Íosa** dóibh.
- fonn a bheith orthu gníomhú cosúil le h**Íosa**.
- sainbhrí a chothú go bhfuil cúram ag **Dia** dóibh.
- léirthuiscint a bheith acu faoin dínit agus faoin luach a bhaineann leo toisc gur chruthaigh agus gur ghráigh **Dia** iad.
- haithne a chur orthu féin mar dhaoine uathúla agus go nglaonn Dia orthu go pearsanta.
- láithreacht agus gníomhaíocht Dé ina saol a aithint agus buíochas a ghabháil.
- léirthuiscint a thaispeáint maidir le cúram agus oirchill **Dé** sna séasúir.
- sainbhrí a chothú maidir le hionadh agus uamhan sa domhan cruthaithe.
- sainbhrí a chothú maidir le buíochas a ghabháil le Dia as beannachtaí an chruthaithe agus as bronntanais **Dé** i gcoitinne (teaghlach srl).
- foghlaim conas muinín a bheith acu as iontaofacht na ndaoine a thugann grá agus cúram dóibh agus gur bonn don chreideamh atá sa mhéid sin.
- láithreacht **Dé** ina dteaghlaigh féin a aithint.
- fonn a bheith orthu ómós a thabhairt do dhaoine eile agus don timpeallacht nádúrtha, cruthaithe ag **Dia**.
- sainbhrí a chothú maidir le bheith mar baill de chomhluadar na hEaglaise Caitlicí.
- honóir a thabhairt do **Mhuire**, máthair Íosa agus ár máthair freisin.
- a bheith saibhrithe ag beatha na **naomh** agus ag an muinín agus an creideamh a bhí acu i nDia.
- ceangal a dhéanamh idir an eispéireas atá acu ar an mbás agus ar an gcaillteanas le teachtaireacht Chríostaí na beatha síoraí.
- sainbhrí a chothú maidir le hionadh i leith scéalta sa Bhíobla.
- meas a thaispeáint don Bhíobla mar théacs sácráilte.
- doimhniú a dhéanamh ar an ngrá atá acu do scéalta ón mBíobla.
- gaol a bheith acu le h**Íosa** sna scéalta ón mBíobla.
- sainbhrí a chothú maidir le gaolmhaireacht leis an **Tríonóid Naofa** a chothú trí phaidreoireacht.
- fiúntas a bheith acu le tábhacht na paidreoireachta.
- sainbhrí a chothú maidir le hómós a bheith acu agus iad ag guí.
- nasc a dhéanamh idir ceiliúrthaí ina saol féin agus a gcreideamh Críostaí.
- spiorad na hAidbhinte a bhrath (feitheamh/ullmhú).
- fáilte a chur roimh **Íosa**, solas an domhain, um Nollaig.
- nasc a dhéanamh idir ceiliúradh na Nollag agus breith **Íosa**.
- lúcháir scéal na Cásca a bhlaiseadh.
- léirthuiscint a bheith acu gur baill iad de chlann **Dé** tríd an Bhaisteadh.
- meas a thabhairt don séipéal mar láithreán ceiliúrtha agus paidreoireachta.
- spioradáltacht agus céannacht Chríostaí a chothú.

## Leibhéal a 1

Cuirfidh páistí tús le:

- haithne a chur orthu féin mar dhaoine uathúla agus go nglaonn Dia orthu go pearsanta.
- bheith eolach faoi ghrá Dé dóibh.
- sainbhrí a chothú go bhfuil cúram ag **Dia** dóibh.
- láithreacht agus gníomhaíocht Dé ina saol a aithint agus buíochas a ghabháil.
- tuiscint a chothú faoin dínit a bhaineann le páistí de bharr creidiúintí Críostaí.
- léirthuiscint a bheith acu faoin dínit agus faoin luach a bhaineann leo toisc gur chruthaigh agus gur ghráigh **Dia** iad.
- muintearas a chothú le **Dia**.
- muinín a bheith acu go mbeidh Dia leo i gcónaí.
- bheith eolach faoi agus grá a thabhairt d'**Íosa Críost**.
- muintearas a chothú le h**Íosa**.
- léirthuiscint a bheith acu go bhfuil grá speisialta ag **Íosa** dóibh.
- nasc cairdis a dhéanamh le h**Íosa**.
- fonn a bheith orthu Íosa a leanúint.
- doimhniú a dhéanamh ina gcreideamh in **Íosa Aiséirithe**.
- paisean a chothú don chothrom agus don cheart, ag leanúint sampla **Íosa**.
- ceiliúradh a dhéanamh faoi **Íosa**, bronntanas **Dé**.
- sainbhrí a chothú maidir le hionadh agus uamhan sa domhan cruthaithe.
- sainbhrí a chothú maidir le buíochas a ghabháil le Dia as beannachtaí an chruthaithe agus as bronntanais **Dé** i gcoitinne (teaghlach srl).
- léirthuiscint a bheith acu faoina mothúcháin mar tíolachtaí ó **Dhia**.
- bheith feasach go mbíonn **Dia** leo is cuma faoi mar a mhothaíonn siad.
- léirthuiscint a bheith acu go mbíonn baint ag **Dia** le cruthú gach ní beo.
- léirthuiscint a thaispeáint maidir le cúram agus oirchill **Dé** sna séasúir.
- fonn a bheith orthu ómós a thabhairt do dhaoine eile agus don timpeallacht nádúrtha, cruthaithe ag **Dia**.
- léirthuiscint a bheith acu faoin ghrá agus faoin chúram a thugtar dóibh agus gur cabhair é seo tuiscint a bheith acu faoi ghrá Dé.
- láithreacht **Dé** ina dteaghlaigh féin a aithint.
- sainbhrí a chothú maidir le bheith mar baill de chomhluadar na hEaglaise Caitlicí.
- léirthuiscint a bheith acu ar an nglaoch atá ann maireachtáil i gcomhluadar le daoine eile.
- seasamh a chothú maidir le hómós a léiriú d'fhoirgneamh an tséipéil.
- honóir a thabhairt do **Mhuire**, máthair Íosa agus ár máthair freisin.
- a bheith saibhrithe ag beatha na **naomh** agus ag an muinín agus an creideamh a bhí acu i nDia.
- ceangal a dhéanamh idir an eispéireas atá acu ar an mbás agus ar an gcaillteanas le teachtaireacht Chríostaí na beatha síoraí.
- sainbhrí a chothú maidir le hionadh i leith scéalta sa Bhíobla.
- meas a thaispeáint don Bhíobla mar théacs sácráilte.
- doimhniú a dhéanamh ar an ngrá atá acu do scéalta ón mBíobla.
- gaol a bheith acu le h**Íosa** sna scéalta ón mBíobla.
- bheith spreagtha **Dia** a gráú agus maireachtáil faoi mar is toil le **Dia** sa Bhíobla.
- sainbhrí a chothú maidir le gaolmhaireacht leis an **Tríonóid Naofa** a chothú trí phaidreoireacht.

- bheith feasach go bhfuil **Dia** ina chónaí iontu.
- sainbhrí a chothú maidir le hómós a bheith acu agus iad ag guí.
- fiúntas a bheith acu le tábhacht na paidreoireachta.
- nasc a dhéanamh idir ceiliúrthaí ina saol féin agus a gcreideamh Críostaí.
- timthriall agus rithimí den bhliain liotúirgeach a bhrath.
- spiorad na hAidbhinte a bhrath (feitheamh/ullmhú).
- fáilte a chur roimh **Íosa**, solas an domhain, um Nollaig.
- fáilte a chur roimh **Íosa**, **Mac Dé**, um Nollaig.
- nasc a dhéanamh idir ceiliúradh na Nollag agus breith **Íosa**.
- spiorad an Charghais a bhrath.
- páirt iomlán a ghlacadh i ndeasghnáth a bhaineann le Céadaoin an Luaithrigh.
- páirt iomlán a ghlacadh i seirbhísí urnaí ranga.
- lúcháir a bhlaiseadh toisc go bhfuil **Íosa Aiséirithe** i gcónaí linn.
- léirthuiscint a bheith acu gur baill iad de chlann **Dé** tríd an Bhaisteadh.
- meas a thabhairt don séipéal mar láithreán ceiliúrtha agus paidreoireachta.
- cuimhneamh a dhéanamh ar a ngaolta a fuair bás.
- suáilcí Críostaí a chothú (m.sh. fírinneacht, paidreoireacht, buíochas, umhlaíocht, ionadh agus uamhan maidir le cruthú Dé, ómós, cúirtéis, cúntacht, geanmaíocht).



## Leibhéal a 2

Cuirfidh páistí tús le:

- foghlaim conas muinín a bheith acu i n**Dia**.
- bualadh le **Dia** i socracht agus i gciúnas na paidreoireachta.
- fiúntas a bheith acu le haitheanta **Dé** ina saol féin.
- léirthuiscint a bheith acu gur comharthaí iad de oirchill **Dé** ina saol féin, a bhforás agus a bhforbairt féin.
- léirthuiscint a bheith acu gur comharthaí de ghrá **Dé** iad na daoine a chabhraíonn linn agus go nochtann siad grá, cúram, eagna agus ceartas Dé dúinn.
- bualadh le h**Íosa** i scéalta ón mBíobla.
- leigheas **Íosa** a bhlaiseadh ina saol féin.
- maithiúnas **Íosa** a bhlaiseadh ina saol féin.
- bheith feasach go nglaonn **Íosa** go pearsanta orthu a bheith ina dheisceabail.
- fonn a bheith orthu grá a thabhairt do **Dhia** agus do dhaoine eile faoi mar a mhúin **Íosa** dóibh.
- fiúntas a bheith acu le teagasc **Íosa** i mbriathar agus i ngníomh.
- nasc a dhéanamh idir a ngníomhartha féin agus gníomhartha **Íosa**.
- freagair d'aithne **Íosa** (tugaigí grá dá chéile...).
- nasc a dhéanamh le h**Íosa** trí phaidreoireacht.
- beart a dhéanamh **Íosa** a leanúint ina saol morálta.
- a bheith in ann freagair do leidíocht an **Spioraid Naoimh** faoi mar a iarrann **Íosa** orthu.
- iarracht a dhéanamh umhlaíocht **Mhuire** a leanúint agus muinín a bheith acu i nDia.
- iarracht a dhéanamh na **naoimh** a leanúint agus cabhair a iarraidh uathu trí phaidreoireacht.
- fonn a bheith orthu 'Dea-Scéala' **Íosa** a roinnt le daoine eile.
- a ról i gcomhluadar na heaglaise a aithint.
- tuiscint a chothú faoin aontas atá ann idir iad féin agus daoine eile i gcomhluadar an chreidimh.
- meas a thabhairt do dhaoine a bhaineann le creidimh eile.
- léirthuiscint a bheith acu faoin bhrí dhomhain a bhaineann le téacsanna ón mBíobla.
- ómós don Bhíobla a léiriú toisc gur focal inspioráide Dé atá ann.
- a sainiúlacht mar pháistí baistithe **Dé** a cheiliúradh.
- léirthuiscint a bheith acu gur ghlaoigh **Dia** orthu ag an mBaisteadh, **Íosa** a leanúint.
- léirthuiscint a bheith acu ar an nasc atá ann idir a mBaisteadh féin agus baisteadh **Íosa** in abhainn na hIordáine.
- fonn a bheith orthu **Lá an Tiarna** a choimeád beannaithe.
- páirt níos iomláine a ghlacadh i gceiliúradh na hEocairiste.
- ómós a léiriú do láithreacht **Íosa Críost** san Eocairist.
- bheith feasach ar Íosa mar **Arán na Beatha**.
- buíochas a ghabháil le **Dia an tAthair** as gach rud ach go háirithe as bronntanas **Íosa** ag an Aifreann.
- léirthuiscint a bheith acu ar thábhacht an Aifrinn.
- páirt a ghlacadh in Aifreann scoile/ranga.
- féachaint ar an gCarghas mar deis casadh ar ais chuig **Dia**.
- spiorad an Charghais a bhrath trí féiníobairt a chleachtadh i rith an Charghais.
- spiorad ceiliúrtha na Seachtaine Móire a bhrath.
- Turas na Croise a bhrath.
- tuiscint faoina bpeacaí a chothú agus an gá atá acu le maithiúnas ó **Dhia**.

- léirthuiscint a bheith acu ar mhaithiúnas agus ar ghrá **Dé** dóibh agus iad a cheiliúradh i Sacraimint an Athmhuintearais.
- trócaire **Dé** a bhlaiseadh i Sacraimint an Athmhuintearais.
- nasc a dhéanamh le h**Íosa** an tAoire Maith i Sacraimint an Athmhuintearais.
- fonn a bheith orthu leithscéal a ghabháil nuair atá éagóir déanta acu.
- fonn a bheith orthu athrú dála Zacháias.
- féilte **Mhuire** a cheiliúradh.
- a iompar féin a chomhcheangal le luachanna morálta agus le teagasca morálta na Críostaíochta.
- teip mhorálta (peaca) a aithint ina saol féin.
- fonn a bheith orthu céimeanna iompaithe a chríochnú.
- léirthuiscint a bheith acu agus fonn a bheith orthu proiceaptaí, seanráite agus rialacha na moráltachta Críostaí a leanúint (m.sh. an chomharsa a ghráú faoi mar a thug mé grá duit).
- léirthuiscint a bheith acu gur ó **Dhia** a tháinig a gcuid bronntanas agus tallann.
- meas a thabhairt dá gcoirp féin agus do choirp daoine eile toisc gur chruthaigh **Dia** iad.
- léirthuiscint a bheith acu ar an idirspleáchas atá ann idir iad féin, daoine eile, an domhan agus **Dia**.



## Leibhéal a 3

Cuirfidh páistí tús le:

- 'Dea-Scéala' Ríocht **Dé** a bhlaiseadh.
- bheith feasach go nglaotar orthu comhoibriú le **Dia**, Ríocht Dé a chur i bhfeidhm.
- buanghrá **Dé** a bhlaiseadh go láidir i gcónaí (mar bhonn don mhoráltacht).
- bheith feasach ar ghrá cúnaint **Dé** agus fonn a bheith orthu freagra a thabhairt don ghrá sin.
- fonn a bheith orthu a gcreideamh i n**Dia** a thaispeáint i ngníomh agus i bpaidreoireacht.
- geallúint **Íosa** go mbeadh sé linn i gcónaí, a chreidiúint.
- gníomhaíocht shlánú **Dé** trí **Chríost** a cheiliúradh.
- fiúntas a bheith acu leis an tsíocháin agus í a aithint mar bhronntanas ó **Íosa**.
- dóchas agus creideamh a bheith acu go n-aiséireoidh siad le h**Íosa**.
- bheith toilteanach a bheith mar fhinné ar a gcreideamh i g**Críost** i mbeart agus i mbriathar.
- iad féin a aontú le h**Íosa** ag leanúint a ghrá agus a dhílseacht don Athair.
- parabail **Íosa** faoi Ríocht Dé a bhrath go samhlaíoch.
- bheith feasach ar láithreacht an **Spioraid Naoimh** ina saoil féin.
- meas a bheith acu ar bhronntanas an **Spioraid Naoimh** ina saoil féin.
- níos mó eolais a fháil faoi bheith mar bhall den eaglais.
- léirthuiscint a bheith acu go mbraitheann siad ar dhaoine eile i gcomhluadar an chreidimh.
- fonn a bheith orthu páirt a ghlacadh i saol agus in adhradh na heaglaise sa bhaile agus go háitiúil.
- tuiscint a bheith acu faoi bheith mar bhaill de dheoise.
- fiúntas a bheith acu le páirt a ghlacadh i misean na hEaglaise ar domhan.
- bheith spreagtha ag creideamh a sinsear Críostaí.
- teagmháil a bheith acu le baill as creidimh Críostaí eile agus mar sin teacht **Ríocht Dé** a éascú.
- mothálacht agus ómós a thaispeáint dóibh siúd a bhfuil creideamh éagsúil acu.
- taisteal le h**Íosa** i rith na Seachtaine Móire.
- léirthuiscint a bheith acu faoin gcros mar chomhartha an tslánaithe.
- an lúcháir a bhaineann le séasúr na Cásca a bhlaiseadh.
- na sacraimintí a bhrath mar chruinnithe speisialta le h**Íosa Aiséirithe**.
- léirthuiscint níos doimhne a bheith acu faoi láithreacht **Íosa Aiséirithe** ag an Aifreann, go háirithe agus é i láthair faoi ghné aráin/fíona.
- léirthuiscint a bheith acu faoi bhronntanas an ghrásta a fuair siad ag an mBaisteadh agus a chabhraíonn leo Íosa a leanúint.
- léirthuiscint a bheith acu faoin gCarghas mar shéasúr liotúirgeach tugtha don tiontú.
- léirthuiscint a bheith acu faoi theacht **Mac Dé** um Nollaig.
- fonn a bheith orthu páirt a ghlacadh i séasúr na hEaglaise faoin Cháisc.
- léirthuiscint a bheith acu faoi thábhacht Liotúirge an Bhriathair ag an Aifreann.
- an bhrí a bhaineann le **Briathar Dé** a chomhtháthú ina saoil féin.
- glacadh le bronntanas láithreacht réalta **Íosa** ag an Aifreann.
- muinín a bheith acu as an Eocairist mar bheathú dóibh agus **Íosa** á leanúint acu.
- léirthuiscint níos doimhne a bheith acu faoi ghrá réitithe **Dé** dóibh uile.
- glacadh leis an misean agus leis an dúshlán a thugann **Íosa Aiséirithe** dúinn agus sinn ag imeacht ón Aifreann.
- buanseasmhacht a bheith acu maidir leis an bpaidreoireacht.
- léirthuiscint a chothú faoin choróin Mhuire.
- onóir a thabhairt do **Mhuire**, máthair Dé, agus iad ag guí.

- roghnú a dhéanamh a saoirse a úsáid go freagrach agus cinnteoireacht ar bhonn morálta ar siúl acu.
- paidreoireacht a shní isteach in a gcinnteoireacht.
- freagair do na deich n-aitheanta ina saoil mar pháistí.
- fonn a bheith orthu maithiúnas a thabhairt do dhaoine eile faoi mar a mhúin **Íosa**.
- bualadh leis an **Tiarna Íosa** i Sacraimint an Athmhuintearais.
- comharthaí maoirseachta don chruthú a aithint agus iad a chomhlíonadh.
- machnamh a dhéanamh faoi conas is féidir leis/léi angair daoine eile a mhaolú.
- fonn a bheith orthu a dtallanna a úsáid i misean na hEaglaise, a thug **Íosa Aiséirithe** di.
- fonn a bheith orthu **Íosa** a leanúint agus iad a bheith síochánta, fulangach agus neamh-idirdhealaitheach le daoine eile.
- ról a bheith acu in eagraíochtaí a bhfuil cúram acu do na bochtáin.
- bheith spreagtha ag eiseamláirí Críostaí freacnairceacha ina saoil morálta.
- fás i dtuiscint maidir le sácráilteacht saol an duine.



## Leibhéal a 4

Cuirfidh páistí tús le:

- tuiscint a chothú faoi rúndiamhair **Dé, Íosa Críost** agus an **Spiorad Naomh**.
- fiúntas a bheith acu leo féin agus iad lómhar i súile **Dé**.
- nasc a dhéanamh le h**Íosa** mar eiseamláir.
- bheith feasach gur baill iad de **chomaoin na naomh**.
- freagair don ghlaoch maireachtáil i gcaidreamh le **Dia**, le daoine eile agus leis an domhan.
- léirthuiscint a bheith acu faoi obair an **Spioraid Naoimh** sa chruthú.
- bheith feasach go bhfuil glaoch pearsanta faighte acu ó **Dhia** obair in éineacht leis chun obair an chruthaithe a thabhairt chun críche.
- freagair agus aitheantas a thabhairt do ghlaoch cúnaint **Dé** ina saoil féin.
- léirthuiscint a bheith acu go bhfuil siad spleách ar **Dhia** agus buíochas a bheith acu dá bharr.
- machnamh a dhéanamh ar láithreacht an **Spioraid Naoimh** ina saoil féin agus faoi mar a chabhraíonn an **Spiorad Naomh** leo freagair do riachtanais daoine eile.
- an **Spiorad Naomh** a aithint ag maireachtáil iontu féin.
- an **Spiorad Naomh** a aithint mar abhcóide/sólásaí.
- fonn a bheith orthu tíolachtaí agus carasmaí an **Spioraid Naoimh** a fháil.
- fonn a bheith orthu torthaí an **Spioraid Naoimh** a chothú ina saoil féin mar pháistí.
- bheith feasach ar tíolachtaí agus carasmaí an **Spioraid Naoimh** ina saoil féin.
- fonn a bheith orthu **Muire**, an deisceabal foirfe, a ghlacadh mar eiseamláir.
- iad féin a aithint mar chuid de phobal na hEaglaise, pobal Dé, a thugann beathú agus tacaíocht don chreideamh.
- iad féin a aithint mar chuid de Chorp Chríost.
- fonn a bheith orthu grá, atrua agus maithiúnas **Íosa** a thaispeáint do chách.
- a dtíolachtaí féin ón **Spiorad Naomh** a aithint, chun go mbeidís in ann obair Chríost i leith **Ríocht Dé** a chur i láthair sa lá atá inniu ann (gairm bheatha).
- fonn a bheith orthu comhrá a bheith acu le daoine atá ar a mhalairt creidimh.
- ómós agus grá a thabhairt dóibh siúd atá ar a mhalairt de thuairim nó de chleachtadh seachas iad féin, ó thaobh reiligiúin de.
- a bheith spreagtha obair le daoine eile ó chreidimh éagsúla chun cearta daonna, ceartas sóisialta, moráltacht mhaith, síocháin agus saoirse a chur chun cinn.
- fonn a bheith orthu an saol a chaitheamh le Dia, grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile, agus an fhírinne a chuardach.
- léirthuiscint a bheith acu ar an tábhacht a bhaineann le **Briathar Dé**.
- léirthuiscint a bheith acu go bhfuil eagna dá saoil ar fáil sa Bhíobla.
- a bheith oscailte an eagna atá ar fáil sa Bhíobla a fháil.
- níos mó muiníne a bheith acu agus an Bíobla á léamh acu.
- léirthuiscint níos doimhne a bheith acu ar na sraitheanna brí atá i dtéacsanna an Bhíobla.
- a bheith spreagtha ag na fáithe bheith mar fhinné ar an fhírinne ina saoil féin.
- cabhair a iarraidh ón d**Tríonóid, Íosa** a leanúint.
- glaoch Dé chun na paidreoireachta a aithint.
- léirthuiscint a bheith acu go mbíonn **Dia** i gcónaí i láthair agus iad ag fulaingt.
- trácht a dhéanamh faoin chaoi ina chabhraíonn na sacraimintí leo i rith a saoil.
- léirthuiscint níos doimhne a bheith acu ar ról na siombailí i gceiliúradh na sacraimintí.
- an coinsias a scrúdú.
- móideanna baistí a athnuachan.

- comhlíonadh an ghealltanais, an **Meisias** a chur chugainn um Nollaig, a cheiliúradh.
- a bheith ag feitheamh go dóchasach le teacht **Ímeánúéil, Dia linn**.
- a ndílseacht do mhisean **Íosa** a athnuachan i rith an Charghais.
- léirthuiscint a bheith acu ar Íosa mar **Uan Dé**.
- páirt a ghlacadh i mBigil na Cásca sa séipéal áitiúil.
- a bheith feasach go bhfuil siad aontaithe le **Críost Aiséirithe**.
- ullmhú cúramach a dhéanamh na sacraimintí a cheiliúradh.
- léirthuiscint a bheith acu go gcabhraíonn na sacraimintí leo fás sa naofacht.
- fonn a bheith orthu a bheith níos ceangailte le **Críost**, an nasc atá acu leis an eaglais a láidriú, páirt a ghlacadh i misean na heaglaise agus bheith mar fhinné ar Chríost i mbriathar agus i ngníomh.
- a gcairdeas le h**Íosa Críost** a láidriú trí Shacraimint an Athmhuintearais.
- fonn a bheith orthu páirt iomlán ghníomhach a bheith acu ag an Aifreann.
- páirt a ghlacadh in ullmhú Aifreann ranga.
- freagair do láithreacht **Íosa Críost** san Eocairist.
- freagair do láithreacht **Íosa Críost** i ndaoine eile trí grá agus seirbhís a thabhairt dóibh.
- páirt iomlán a ghlacadh i liotúirge an Chóineartaithe.
- léirthuiscint a bheith acu go bhfuil **grásta Dé** ag teastáil uathu maireachtáil mar a bpáistí.
- fonn a bheith orthu maireachtáil agus gníomhú le grá agus le cóir i leith **Dé** agus an comharsa.
- machnamh a dhéanamh faoi conas is féidir leo cur le leas daoine eile.
- dínit gach éinne a chosaint agus a chur ar aghaidh.
- meas a bheith acu ar an difríocht a bhaineann leo féin – an tslí a chruthaigh **Dia** iad.
- machnamh a dhéanamh faoi oirchill **Dé** ina saoil féin.
- freagracht a bheith acu don domhan.
- fiosrú a dhéanamh faoi conas is féidir leo freagair do **ghlaoch Dé** ina saoil féin.
- bheith spreagtha eiseamláir **naoimh** a leanúint.
- tíolachtaí an **Spioraid** a úsáid go laethúil agus cinntí morálta á dhéanamh acu.
- machnamh a dhéanamh faoin tionchar a bheadh ag an ngaol atá acu le h**Íosa** agus a iompraíocht mhorálta.
- dearcthaí a sainordaigh **Íosa** ag Seanmóir an tSléibhe a chothú.
- freagair don chuireadh, grá agus ceart a thaispeáint, mar atá leagtha amach sna Biáide.
- léirthuiscint a bheith acu faoi conas ómós a thabhairt don domhan, dóibh féin, do dhaoine eile agus do **Dhia**.
- tús a chur le hidéil mhorálta Críostaí a shní ina gcéannacht féin.
- cleachtaí a roghnú chun tachaíocht a thabhairt dá spioradáltacht Críostaí.
- feasacht a leathnú le bheith mar bhall de dheoise.
- leanúint ag cothú sainbhrí faoin spiorad Éacúiméineach.
- teagmháil a bheith acu le cultúr comhaimseartha agus le comhfhios Críostaí.
- muinín a chothú as an gcumas atá acu roghanna Críostaí a dhéanamh ina saoil féin.
- fonn a bheith orthu dul in aghaidh toscaí a loiteann nó a mhilleann an domhan nádúrtha.